



LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

RÁITEAS STRAITÉISEACH 2018-2020

Teach Styne, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 DY27
Styne House, Upper Hatch St, Dublin 2, D02 DY27

Tel: +353 1637 7600
Fax: +353 1637 7601

www.lawreform.ie
info@lawreform.ie

Is Comhlacht Reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí bunaithe ag an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*
The Law Reform Commission is a statutory body established by the *Law Reform Commission Act 1975*
Mr Justice John Quirke Raymond Byrne, Barrister-at-Law Prof Donncha O'Connell Ms Justice Carmel Stewart Tom O'Malley, Barrister-at-Law

RÉAMHRÁ.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
RÁITEAS MISIN	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
FORLÉARGAS AR AN GCOIMISIÚN	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
TIMPEALLAIGHT OIBRIÚCHÁIN	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
PRÍOMHSPRIOCANNA.....	ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.
PRÍOMHSPRIOC 1 - ATHCHÓIRIÚ DLÍ	8
Toradh	Error! Bookmark not defined.
Táscairí Feidhmíochta	Error! Bookmark not defined.
Straitéis	8
PRÍOMHSPRIOC 2 - ROCHTAIN AR AN REACHTAÍOCHT	10
Toradh	Error! Bookmark not defined.
Táscairí Feidhmíochta	10
Straitéis	10
PRÍOMHSPRIOC 3 - RIALTAS	12
Toradh	Error! Bookmark not defined.
Táscairí Feidhmíochta	Error! Bookmark not defined.
Straitéis	12
SOCRUITHE MONATÓIREACHTA	14

RÉAMHRÁ

Tá mé sásta an Ráiteas Straitéiseach do 2018-2020 a thabhairt isteach thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí.

Aithnítear luachanna agus spriocanna an Choimisiúin sa Ráiteas seo agus na straitéis a dtabharfaidh muid fúthu lenár spriocanna a bhaint amach, ár sainordú reachtúla a chomhlíonadh agus ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh chun a chinntiú go bhfuil dlíthe na hÉireann feiliúnach don Stát nua-aimseartha agus go bhfuil fáil ag gach duine orthu.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair ar bhealach éifeachtach agus ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de agus an tseirbhís is fearr a chur ar fáil don phobal. Dá bhrí sin, is tosaíocht é don Choimisiún a chinntiú go mbíonn na próiséisí comhlínithe, comhthacúil agus go hiomlán comhcheangailte. Ar an gcuma sin, tagann ár sainordú reachtúla go beacht lenár spriocanna polasaí níos leithne ó thaobh athchóiriú na seirbhíse poiblí de, leagtha amach le déanaí in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*.

Leagtar príomhspríocanna ár gcuid oibre amach sa Ráiteas Straitéiseach don tréimhse trí bliana lena mbaineann sé, is iad sin, críoch a chur leis na tionscnaimh taighde ar athchóiriú dlí atá fágtha inár gCeathrú Clár Athchóirithe Dlí, ceadú dár gCúigiú Clár Athchóirithe Dlí agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh sna tionscainmh atá taobh istigh de, agus leanúint ar aghaidh agus forbairt a dhéanamh ar an obair atá ar súil againn maidir le Rochtain ar Reachtaíocht.

Leanfar ar aghaidh le hathbhreithnithe leanúnacha agus le feabhas a chur ar mhodhanna agus ar mhodheolaíochtaí oibre an Choimisiúin le go mbeidh feabhas ar chaighdeán sheirbhís an Choimisiúin don phobal.

Tá an Coimisiún muiníneach go gcuirfidh an straitéis atá aitheanta sa Ráiteas seo ar ár gcumas seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil don phobal agus don Stát tríd an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, neamhchlaonta ag saineolaithe, trí mholtaí leanúnacha a dhéanamh i gcomhar athchóirithe dlí agus trí oibriú chun an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine ar líne.

An Oinigh Uasal Córacha Quirke

Uachtarán

RÁITEAS MISIN

An dlí a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, réadach, saineolaithe, moltaí d'athchóiriú dlí a dhéanamh agus an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine.

FORLÉARGAS AR AN GCOIMISIÚN

Is comhlacht taighde reachtúil é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bunaíodh faoin *Acht Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*. Tá cúigear ball ag an gCoimisiún – an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí eile (Coimisinéir lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha).

Is é an ról atá againn ná an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú, moltaí taighde-bhunaithe d'athchóiriú a dhéanamh, ach go háirithe tríd an achtachán den reachtaíocht chun an dlí a shoiléiriú agus a dhéanamh nua-aimseartha, agus an dlí reatha a chur ar fáil do gach duine ar líne.

Cuirtear ról taighde an Choimisiúin i gcrích trí Chlár Athchóirithe Dlí go príomha. An *Ceathrú Clár Athchóirithe Dlí*, a d'ullmhaigh an Coimisiún tar éis comhairliúchán agus plé leathan, a d'aontaigh an Rialtas de réir Acht 1975 i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus a cuireadh faoi bhráid dhá theach an Oireachtais. Le linn thréimhse ama ár *Ráiteas Straitéiseach 2015-2017*, rinne an Coimisiún go leor teagmhála leis an bpobal ar ár *gCúigiú Clár Athchóirithe Dlí* leis an bhfís go gceadófaí é in 2018. Oibríonn an Coimisiún ar ábhair shonracha chomh maith ar bhonn athreoraithe ón Ard Aighne faoi Acht 1975.

Ón am ar bunaíodh é, tá 200 cáipéis foilsithe ag an gCoimisiún (Páipéir Oibre, Páipeir Chomhairliúcháin, Páipéir Saincheisteanna agus Tuairiscí) a bhfuil moltaí d'athchóiriú dlí iontu buntaithe ar thaighde agus tá siad seo uile ar fáil ar shuíomh an Choimisiúin, www.lawreform.ie. Tá breis agus 70% de na moltaí seo tar éis cur go mór le forbairt agus le hachtachán athchóirithe reachtaíochta.

Tá obair an Choimisiúin maidir le Rochtain ar Reachtaíocht san áireamh chomh maith i dtaighde an Choimisiúin, a bhfuil sé i gceist aige rochtain ar líne a thabhairt ar an reachtaíocht mar atá faoi láthair – leis na leasuithe a rinneadh uirthi in áit mar a achtaíodh í. Tá forbairt agus cothabháil na nithe seo a leanas i gceist leis an obar seo: An Eolaire Reachtaíochta (príomh-innéacs a rianaíonn athruithe ar reachtaíocht, le hinnéacsanna forlíonta), os cionn 330 Acht Athbhreithne, líon a mbíonn méadú leanúnach ag teacht air (a thaispeánann na hachtanna mar a leasaíodh iad in áit mar a achtaíodh iad) agus an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht atá i bhFeidhm faoi Láthair (liosta de na hAchtanna atá i bhfeidhm faoi láthair agus de na hIonstraim Reachtúla atá rangaithe faoi 36 ceannteideal abhár-bhunaithe).

TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag baint amach a fheidhmithe ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costas de agus ag cur seirbhís iontach ar fáil don phobal ag an am céanna. Ní féidir na dualgais seo a chomhlíonadh muna n-oibríonn muid go héifeachtach le daoine eile, taobh isigh agus taobh amuigh den tseirbhís phoiblí. Chuige sin, déanann muid abhreithniú agus athruithe ar ár bpróiseas comhairliúcháin ar bhonn gníomhach le go meidh muid in ann leas a bhaint as raon leathan smaointe agus anailíse.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar an dul chun cinn i dtreo na bPríomhSpriocanna atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéiseach seo a bhaint amach. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus aithneofar na treochtaí inmhéanacha agus seachtracha agus na forbairtí atá ábhartha dá chuid oibre agus déanfar athruithe agus uasdátú ar an gcur chuige mar a theastaíonn sé le linn thréimhse an Ráitis Straitéisigh.

Trí chur i bhfeidhm na Straitéise, glacfaidh muid ár bpáirt lenár gcomhleacaithe ar fud na seirbhíse poiblí trí thógáil ar athchóirithe athnuachain agus trasfhoirmithe a rinneadh roimhe seo agus cúidiú leis na Trí Piléar atá in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, an creat chun feabhas agus forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí an Stáit.

Tá na Trí Piléar atá in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* an-chosúil le sainordú reachtúil an Choimisiúin maidir le taighde teoraithe athchóirithe dlí. Piléar a hAon, *Ag Soláthair dár bPobal*, a chuireann béim ar an gcaoi a dteastaíonn comhairliúchán poiblí agus teagmháil le saineolaithe cuí (cuid thábhachtach de cur chuige an Choimisiúin dá thaighde) agus forbairt ar chur chuige “digiteach ar dtús” do sheirbhísí poiblí (cuid dhílis de go leor moltaí athchóirithe de chuid an Choimisiúin agus lárnach inár n-obair ar Rochtain ar Reachtaíocht). Tá Piléar a Dó, *Nuáil dár dTodhchaí*, a bhfuil baint riachtanach aige le hathchóiriú shainordú an Choimisiúin, aitheanta chomh maith i ngnímh chuí eile atá aitheanta i bPiléar a Dó atá lárnach inár gcuid oibre, is é sin, an úsáid is fearr a bhaint as sonraí, pleanáil straitéiseach, comhoibriú an rialtais iomláin, bainistiú clár agus tionscnamh agus cur chuige bunaithe ar fhianaise dár dtaighde. Is gné riachtanach eile Piléar a Trí, *Forbairt Ar Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí*, de chur chuige straitéiseach an Choimisiúin, ag tabhairt gnímh mar shampla bainistíocht éifeachtach acmhainní daonna san áireamh, pleanáil d’fhórsa saothair, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt proifisiúnta agus cur chuige ionchuimsithe d’earcaíocht agus do rannpháirtíocht fostaithe.

Luachanna

Ag tabhairt faoinár ról, cuireann muid béim faoi leith ar roinnt eochairluachanna:

- Díriú ar shaoránaigh mar na daoine a ndéanann muid freastal orthu
- Dearsnaitheacht agus oibiachtúlacht inár dtaighde.
- Tiomantas do chomhairliúchán agus caidreamh leis an lucht acadúil, le pobail dhlíthiúla agus pholasaí, chomh maith le sochaí shibhialta níos leithne.
- Trédhearcacht agus ionracas san úsáid a bhaineann muid as acmhainní.

Caidrimh

Coinníonn an Coimisiún réimse caidreamh tábhachtach le hindibhidiúil agus le heagraíochtaí seachtracha.

Aithníonn an Coimisiún an tábhachtach faoi leith a bhaineann lena gcaidreamh leis an Ard-Aighne agus le hOifig an Ard-Aighne. Faoi alt 4(2) den *Acht um Athchóiriú Dlí an Choimisiúin 1975*, d'fhéadfadh an tArd-Aighne iarradh ar an gCoimisiún scrúdú agus taighde a dhéanamh ar réimsí faoi leith den dlí (is é sin, chomh leis na tionscnaimh inár gCláir Athchóirithe Dlí), a gcaithfidh an Coimisiún ansin scrúdú a dhéanamh orthu. Nuair a eascraíonn iarratais dá leithid (nó atreorúcháin, mar a dhéantar cur síos orthu amanna), cuirfidh an Coimisiún a chlár oibre in oiriúint chun cuntas a choinneáil ar na hacmhainní a theastaíonn chun a obligeadaí a chomhlíonadh don Ard-Aighne. Bíonn leas ag an bpobal sna hábhair a chlúdaítear sna hiarratais seo nó ó mholtáí atá sa gClár don Rialtas agus d'fhéadfaí go n-eascróidh sé seo as plé san Oireachtas go dteastaíonn athchóiriú. Is éard a bhí in iarratais an Ard-Aighne le déanaí ná: saincheist an toilithe, eolas agus creideamh sa dlí ó thaobh cionta gnéasacha de; an dlí clúmhillte mar a bhaineann sé le tuairiscí cuairte; agus an dlí ar dhaortha éigeantacha. Is é an tArd-Stiúrthóir d'Oifig an Ard-Aighne an t-oifigeach cuntasachta don Choimisiún.

Tá freagrachtaí leagtha ar an gCoiste Sainchomhairleoireachta, faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne, chomh maith maidir le athchóiriú dlí, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne ar ghnéithe faoi leith d'athchóiriú dlí, go háirithe dul i dteagmháil leis an gCoimisiún ar an dréacht-Chlár Athchóirithe Dlí. Tá an coiste comhdhéanta d'iondaithe ó Oifig an Ard-Aighne, Ranna an Taoisigh, Airgeadais, Cirt agus Comhionannais, Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Sláinte, Gnóthaí Leanáí agus Óige, an Chomhairle Bharra, agus an Dlí-Chumann. Bíonn Roinn an Taoisigh i dteagmháil go rialta leis an gCoimisiún maidir le cúrsaí a bhfuil spéis ag an bpéire acu ann, lena n-áirítear ceisteanna maidir le hobair an Choimisiúin ar Rochtain ar Reachtaíocht.

Cuireann baill na mbreithiúna, aturnaetha agus abhcóidí atá ag cleachtadh a ngairme, dlíodóirí acadúla, ionadaithe Ranna, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus cuideachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla eile, saineolaithe i réimsí neamhdhlíthiúla cuí faoi leith, ionadaithe ó ghrúpaí spéise agus baill den phobal saineolais ón taobh amuigh ar fáil agus comhoibríonn siad linn, rud a dhéanann leas iontach don Choimisiún.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tacaíocht a thabhairt don Choimisiún, go gineáralta agus chun moltaí d'athchóiriú dlí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm.

Tagann an Coimisiún roimh Choistí an Oireachtais go minic chun a chuid oibre a phlé, go háirithe Coiste an Oireachtas ar Cheart agus Comhionannas.

Chomh maith leis na caidrimh thuas, glacann an Coimisiún páirt in eolas a roinnt agus deachleachtais le gníomhaireachtaí athchóirithe dlí eile agus coinníonn sí caidreamh maith leo.

Acmhainní

Tá an Coimisiún tiomanta chun na hacmhainní a chuirtear ar fáil a úsáid sa mbealach is éifeachtaí le cinntiú go mbaintear amach a chuid oibligéidí. Go háirithe, téann an Coimisiún sa tóir ar úsáid a bhaint as seirbhísí roinnte nuair is féidir. Leanann na hacmhainní daonna agus bainistíocht airgeadais dea-chleachtais, agus coinnítear smacht ar theicneolaíochtaí faisnéise nuair is féidir chun feidhmíocht a fheabhsú agus chun seirbhís ar ardchaighdeán comhsheasmhach a chur ar fáil ag an gcostas is buntáistí ar bhonn eacnamaíoch. Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag bogadh i dtreo úsáid níos mó a bhaint as e-fhoilsiúcháin ar a shuíomh gréasáin chun an costas aschuir ar thuairiscí a dhéanamh agus an lucht féachana is leithne agus is féidir dá fhoilsiúcháin a chinntiú.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le haschur ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus ábharthacht leanúnach agus an tábhacht a bhaineann leis an dlí a choinneáil suas chun dáta, insroichte, cruinn a thaispeáint, trína obair maidir le Rochtain ar Reachtaíocht san áireamh a fhoilsítear go minic ar líne de réir an pholasáí “digiteach ar dtús”.

Ranníocaíocht agus Forbairt Foirne

Is é foireann an Choimisiúin an tairbhe is tábhachtaí dá bhfuil aige. Is sainmharcanna ar chur chuige an Choimisiúin do ranníocaíocht agus d’fhorbairt a fhoirne iad bealaí soiléire agus oscailte cumarsáide, sainmhíniú ar rólanna agus freagrachtaí, agus cur chuige foireann-bhunaithe. Tá an Coimisiún tiomanta do dhiseanna a chur ar fáil do gach ball foirne le go mbeidh siad in ann forbairt a dhéanamh trí thraenáil agus forbairt agus feidhmíocht a fheabhsú tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) d’fhoireann na Státseirbhíse agus trí chóras bainistíochta agus forbartha ar leith don fhoireann dhleathach.

Comisinéirí

Tá baill an Choimisiúin freagrach go comhchoitianta as dul chun cinn an Choimisiúin a chur chun cinn trí bheith i gceannas ar a ghníomhaíochtaí agus iad a threorú. Cuireann siad treoir straitéiseach ar fáil don Choimisiún agus déanann siad monatóireacht ar a ghníomhaíochtaí agus ar éifeacht a bhainistíochta.

Ainmnítear Coimisinéir comhordúcháin do gach tionscnamh athchóirithe dlí. Tagann an hoimisinéir comhordúcháin isteach ag céim an taighde chun páipéir a ullmhú agus a fhorbairt do bhreithniú an Choimisiúin agus dul chun cinn an tionscnaimh a chinntiú.

PRÍOMHSPRIOCANNA

Tá trí phríomhsprioc aitheanta bunaithe ar an anailís ar an ráiteas agus léiríonn siad tiomantas an Choimisiúin don seachadadh don tréimhse 2018-2020. Leagfar amach na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun na spriocanna seo a bhaint amach i bpleananna bliantúla gnó an Choimisiúin. Tá cur síos déanta sa mhír deiridh den Ráiteas Straitéiseach seo ar na socruithe monatóireachta a chinnteoidh go mbaintear amach ár gcuid spriocanna.

PRÍOMHSPRIOC 1

Athchóiriú Dlí

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí agus tabhairt faoi thaighde d'fhonn dlí na hÉireanna a fhorbairt, a shimpliú, a dhéanamh níos nua-aimseartha agus a chódú.

Toradh

Corpas oibre saineolaithe agus a bhfuil miontaighde déanta air ga bhfuil moltaí d'athchóiriú dlí ann, a bheith ar fáil i bhfoirm foilsíúcháin do scrúduithe agus do bhreithniú, a chuireann le forbairt na ndlíthe atáfreagrach as riachtanais chomhaimseartha agus ionchais na sochaí in Éirinn.

Táscarí Feidhmíochta

1. Tionscnaimh deiridh an *Cheathrú Clár Athchóirithe Dlí* agus iarratais atá tagtha cheana ón Ard-Aighne chun scrúdú a dhéanamh ar réimsí faoi leith den dlí a bhainistiú agus a thabhairt chun críche.
2. An próiseas forbartha don *Cúigiú Clár Athchóirithe Dlí* a bhainistiú agus a chríochnú, lena n-áirítear an próiseas comhairliúcháin ar cuireadh tús leis in 2017 a chríochnú.
3. Na tionscnaimh atá sa *Chúigiú Clár Athchóirithe Dlí* a fhorbairt i dtreo críche agus, má dhéantar, aon iarratais sa todhchaí ón Ard-Aighne chun scrúdú a dhéanamh ar réimsí faoi leith den dlí.

Straitéis

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar ról, aidhm agus modheolaíocht an Choimisiúin ag tabhairt san áireamh na hacmhainní daonna agus airgeadais atá ar fáil chun an cur chuige is fóscaithe agus is éifeachtaí agus is féidir a ghlacadh.
2. Acmhainní a leagan amach agus a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.
3. Páipéir inisealacha agus dréacht-téacsanna a fhorbairt do bhreithniú an Choimisiúin.
4. Monatóireacht a dhéanamh ar ábhar taighde dhleathaigh (lena n-áirítear anailís ar dhlí reatha agus ar dhlí comparáideach ábhartha agus dlí idirnáisiúnta) agus úsáid éifeachteach foinsí dleathacha eolais (lena n-áirítear foinsí ar líne).
5. Páipéir Saincheisteanna a mhol an Choimisiún a fhoilsiú do bhreithniú poiblí.
6. Dul i mbun próiseas feiliúnach agus cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí, agus torthaí a athbhreithniú.
7. Dréacht-téacs do Thuairiscí a fhorbairt (agus, nuair a bhaineann sé, Plépháipéir) do bhreithniú an Choimisiúin.
8. Tuairiscí atá molta ag an gCoimisiún a fhoilsiú leis na moltaí deiridh d'athchóiriú dlí agus, nuair de réir mar is gá, Bille a dhréachtú.

9. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht agus ar éifeachtúlacht an phróisis taighde dhleathaigh.
10. Rannpháirtíocht ghníomhach an Choimisinéara chomhordúcháin i dtionscnaimh aonair mar a shocraíonn an Coimisiún.
11. Forbairt leantach chaidreamh le cuideachtaí eile athchóirithe dlí le tagairt ar leith d'anailís chomparáideach feidhmithe, polasaí agus modheolaíocht chun tuiscint níos fearr ar mhodhanna polasaí i ndlinsí eile a chur ar fáil.

NÓTA

Tá an fhreagracht agus cuntasacht foriomlán ar an Stiúrthóir Taighde chun an Phríomhspríoc seo a bhaint amach.

PRÍOMHSPRIOC 2

ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

Eolas a chur ar fáil go tapa ar líne ar staid reatha na reachtaíochta ar fad atá i bhfeidhm faoi láthair, agus an téacs iomlán den reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair sa bhfoirm leasaithe a chur ar fáil ar líne.

Réamhrá

Innécsanna inchoirdaithe ar líne de na leasuithe ar an reachtaíocht ar fad agus eolas gaolmhar (lena n-áirítear an tEolaire Reachtaíochta de reachtaíocht phríomha agus thánaisteach agus an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht atá i bhfeidhm in Éirinn) le héascú a dhéanamh ar staid reatha na reachtaíochta leasaithe a fháil amach; agus cur leis an uimhir reatha de 330 Acht Leasaithe (Achtanna iomlána ina bhfoirm leasaithe).

Táscairí Feidhmíochta

1. Táirgiú agus forbairt an Eolaire Reachtaíochta d'fhoilsiú ar Leabhar Reachtúla na hÉireann ar líne (eISB).
2. Foilsitheoireacht níos mó Achtanna Leasaithe ar shuíomh an Choimisiúin, nasctha ó eISB.
3. Foilsitheoireacht i bhfoirm html den Liosta Rangaithe Reachtaíochta atá i bhfeidhm ar shuíomh an Choimisiúin.
4. Caighdeán dearbhaithe cáilíochta atá aontaithe agus curtha i bhfeidhm ar an Eolaire Reachtaíochta, Achtanna Leasaithe agus an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Straitéis

1. Scrúdú ar reachtaíocht achtaithe nó déanta, chun na forálacha leasaithe a aithint.
2. Socrú d'uasdátú an Eolaire Reachtaíochta, ag cuimsiú liosta iomlán de na leasuithe is déanaí, chomh maith le heolas um thosach, reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar agus eolas eile, d'fhoilsiú ar eISB.
3. Tionscnaimh chríochnaithe chun Eolaire Reachtaíochta d'lonstraim Reachtúla ó 1992 go 1972 a shiardhátú, ag comhcheangal go hiomlán le comhphárteanna an Eolaire Reachtaíochta.
4. Socrú d'uimhreacha méadaithe (i mí Eanáir 2018, 330) d'Achtanna Athchóirithe (comhdhlúthaithe riaracháin Achtanna ina bhfoirm leasaithe), na hAchtanna iar-2005 ar fad a bhfuil an téacs leasaithe (seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh), d'fhoilsiú ar shuíomh an Choimisiúin, nasctha leis na hAchtanna leasaithe ar fad ó eISB.
5. Socrú d'uasdátú ar an Liosta Rangaithe den Reachtaíocht d'fhoilsiú i bhfoirm html, ar shuíomh an Choimisiúin, le nasc ó eISB.
6. Leanúint ar aghaidh le córas láidir agus éifeachtach a chur i bhfeidhm chun cruinneas ar ábhair a fhoilsítear a fhionnadh agus a chinntiú.
7. Úsáid a bhaint as na hachmhainní is fearr atá ar fáil i dteicneolaíocht faisnéise chun tacú leis an obair le feacht a choinneáil ar fhorbairtí ábhartha a bhaineann leis an réimse TF.

8. Caidrimh le heagraíochtaí eile atá ag obair sa réimse a choinneáil ar aon líne le haon fhorbairt de réir an dea-chleachtais sa réimse.
9. Caidrimh le Ranna Rialtais agus páirtithe leasmhara eile a choinneáil le leanúint ar aghaidh ag cur feabhais ar chaighdeán agus ar ábharthacht ár n-aschuir.
10. Rannpháirtíocht leanúnach sa ngrúpa reachtaíochta agus ábhair a shocrú le foisliú ar shuíomh an Choimisiúin.

NÓTA

Tá an fhreagracht agus an chuntasacht iomlán ar an mBainisteoir Rochtain ar Reachtaíocht chun an bPríomhspríoc seo a bhaint amach.

PRÍOMHSPRIOC 3

RIARACHÁN

Seirbhísí éifeachtacha comhaimseartha proifisiúnta riaracháin chorparáidigh agus gnó a chur ar fáil don Choimisiún chun tacú leis na spriocanna a bhaint amach.

Toradh

Timpeallacht shásúil oibre, áit a dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dleathach an Choimisiúin trí sheirbhísí corparáideacha sármhaithe tacaíochta gnó a chur ar fáil cosúil le bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíochtaí dleathacha agus corparáideacha, teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí eolais.

Táscairí Feidhmíochta

1. An fhoireann, na seirbhísí agus na córais a bheith ag obair le chéile go héifeachtach chun ráiteas misin an Choimisiúin a sheachadadh.
2. Caiteachas ar neamhphá fanta le linn teorainn buiséid atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
3. Earcaíocht agus roghnúcháin foirne agus fanacht taobh istigh dár mbuiséad pá atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an Coimisiún a bheith ag leanúint na nósanna cearta himeachta de réir na gcritéar ceadúnais earcaíochta.

Straitéis

1. Áiseanna sármhaithe cóiríochta oifige a choinneáil agus na socruithe a choinneáil cóirithe faoi athbhreithniú rialta.
2. Seirbhí dhleathacha tacaíochta agus cléireachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil don Choimisiún.
3. A chinntiú go bhfuil leas optamach á bhaint as na hacmhainní daonna trí dhea-chleachtais ó thaobh bainistíochta nua-aimseartha achmhainní daonna a chur i bhfeidhm faoin Straitéis Dhaonna don tSeirbhís Phoiblí 2017-2020.
4. Bainistíocht shármhaithe a chinntiú ar eolas a fuarthas ón Leabharlann ab fhearr agus na teicneolaíochtaí cumarsáide eolais atá ar fáil.

5. Leanúint ar aghaidh le hoibríocht éifeachtach córais bainistíochta airgeadais an Choimisiúin agus cur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.
6. Infreastruchtúr TF an Choimisiúin a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leanann sé ar aghaidh ag cur bunús láidir do sheirbhísí TF ar fáil faoin Stráitéis e-Rialtais 2017 go 2020.
7. *Ár Seirbhís Phoiblí 2020* agus tionscnaimh Rialtais eile lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

NÓTA

Tá an fhreagracht agus an chuntasacht ar an gCeannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus Riaracháin chun an phríomhspríoc seo a bhaint amach.

SOCRÚCHÁIN MHONATÓIREACHTA

Beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm thar thréimhse an Ráiteis Straitéisigh:

- Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht agus athbhreithniú go córasach ar dhul chun cinn chun na Príomhspricanna a bhaint amach agus na haschuir agus an straitéis a bhaineann leis. Leagadh síos tascairí feidhmíochta cuí a úsáidtear le measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Choimisiúin thar an tréimhse.
- Forbrófar pleananna bliantúla gnó a leagfaidh amach clár bhliantúla gníomhaíochta chun Ráiteas Straitéiseach an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus a leagfaidh amach cabhair na foirne riaracháin taighde dlí chun na Príomhspricanna a bhaint amach.
- Leagfaidh na pleananna gnó seo amach go soiléir na gníomhaíochtaí sonracha tógtha i ngach réimse agus úsáidfear iad mar bhunús do phróifílí an róil agus na hobligéidí gaolmhara atá ar na baill foirne atá ag obair sa réimse sin.
- Aithneofar freagrachtaí agus cuntasachtaí iomlána do chuspóirí sonracha na bpleananna gnó maidir le Príomhspricanna sna pleananna gnó lena mbaineann siad.
- Gach uile cheathrú, déanfaidh an coiste bainistíochta (an Coimisinéir lánaimseartha, Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus Riaracháin, Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir Rochtain ar Reachtaíocht) measúnú ar dhul chun cinn gach Príomhsprice i gcomhar leis an duine(na daoine) agus an chuntasacht iomlán a bheith air don sprioc.
- Déanfaidh an grúpa seo tuairisc ar an dul chun cinn go tréimhsiúil don Choimisiún ach cuirfear aon fhadhb mhór, bagairt nó aon deis a thagann aníos in iúl dóibh láithreach.
- Déanfar athbhreithniú ag deireadh gach bliana chun aon athrú don bhliain amach romhainn a mheas, agus ar an gcaoi sin seans a thabhairt don Choimisiún freagra a thabhairt ar bhealach solúbtha d'aon athrú sa dtimpeallacht oibriúcháin.
- Cruthóidh an Coimisiún Tuairisc Bhliantúil gach bliain ina ndéanfar cur síos ar an dul chun cinn chun na Príomhspricanna agus na haschuir a bhaint amach.
- Déanfaidh an Coimisiún cinntí d'athruithe riachtanacha don Ráiteas Straitéiseach do na blianta amach rompu.